2024/3121

17.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3121 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do chomhlachtaí rialaithe áirithe i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar chomhlachtaí atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe orgánacha a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún ([2]) ionas go mbeadh inti an liosta d'údaráis rialaithe agus de chomhlachtaí rialaithe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 46(1) de Rialachán (AE) 2018/848 mar údaráis agus comhlachtaí atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh agus deimhnithe orgánacha a eisiúint i dtríú tíortha chun táirgí orgánacha a allmhairiú isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 45(1), pointe (b)(i), den Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 46(2) de Rialachán (AE) 2018/848 leagtar síos na critéir nach mór do na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe a chomhlíonadh chun go n-aithneofar iad i gcomhréir le hAirteagal 46(1) den Rialachán sin. Leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún ([3]) na ceanglais nós imeachta atá le comhlíonadh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin agus a n-iarraidh ar aitheantas á cur faoi bhráid an Choimisiúin, ar iarraidh í ina bhfuil sainchomhad teicniúil.

(3) Ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378, tá iarrataí ar aitheantas faighte ag an gCoimisiún, iarrataí a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 46(4) de Rialachán (AE) 2018/848, ó roinnt comhlachtaí rialaithe.

(4) Fuair an Coimisiún na hiarrataí ar aitheantas ó 'Başak Ekolojik Ürünler Kontrol ve Sertifikasyon Hizmetleri Ticaret Limited Şirketi', 'Bioagricert s.r.l. Unipersonale', 'DQS POLSKA SPÓŁKA Z OGRANICZONĄ ODPOWIEDZIALNOŚCIĄ', 'GCL International Ltd', 'Japan Organic and Natural Foods Association' agus 'Sertifikācijas un testēšanas centrs', agus scrúdaigh sé iad i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698. Ar bhonn na faisnéise atá i sainchomhaid theicniúla na gcomhlachtaí rialaithe sin, chinn an Coimisiún go bhfuil údar le haitheantas a thabhairt dóibh, ar feadh tréimhse éiginnte, le haghaidh catagóirí táirgí áirithe i dtríú tíortha áirithe.

(5) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Tháirgeadh Orgánach,

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2021 lena leagtar síos rialacha áirithe a bhaineann leis an deimhniú a eisíodh d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha a bhfuil baint acu le táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a allmhairiú isteach san Aontas agus lena mbunaítear an liosta d'údaráis rialaithe aitheanta agus de chomhlachtaí rialaithe aitheanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 297, 20.8.2021, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1378/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1698 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais nós imeachta maidir le húdaráis rialaithe agus comhlachtaí rialaithe atá inniúil chun rialuithe a dhéanamh ar oibreoirí agus ar ghrúpaí oibreoirí arna ndeimhniú mar oibreoirí orgánacha a aithint agus ar tháirgí orgánacha i dtríú tíortha agus le rialacha maidir lena maoirseacht agus na rialuithe agus na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag na húdaráis rialaithe agus na comhlachtaí rialaithe sin (IO L 336, 23.9.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/1698/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1378 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an tríú mír d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le Balkan Biocert Macedonia DOOEL Skopje:

'Başak Ekolojik Ürünler Kontrol ve Sertifikasyon Hizmetleri Ticaret Limited Şirketi

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
AE-BIO-175	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	x	—	—	x	—	—	x
KG-BIO-175	an Chirgeastáin	x	—	—	x	—	—	x
TR-BIO-175	an Tuirc	x	—	—	x	—	—	x'

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála maidir le Beijing Continental Hengtong Certification Co., Ltd:

'Bioagricert s.r.l. Unipersonale

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
AE-BIO-132	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	x	x	—	x	x	—	x
AL-BIO-132	an Albáin	x	x	—	x	x	—	x
BO-BIO-132	an Bholaiv	x	x	—	x	x	—	x
CI-BIO-132	Côte d'Ivoire	x	x	—	x	x	—	x
CM-BIO-132	Camarún	x	x	—	x	x	—	x
CN-BIO-132	an tSín	x	x	—	x	x	—	x
DO-BIO-132	an Phoblacht Dhoiminiceach	x	x	—	x	x	—	x
EC-BIO-132	Eacuadór	x	x	—	x	x	—	x
FJ-BIO-132	Fídsí	x	x	—	x	x	—	x
GT-BIO-132	Guatamala	x	x	—	x	x	—	x
ID-BIO-132	an Indinéis	x	x	—	x	x	—	x
IN-BIO-132	an India	—	x	—	x	x	—	x
KE-BIO-132	an Chéinia	x	x	—	x	x	—	x
KG-BIO-132	an Chirgeastáin	x	x	—	x	x	—	x
KR-BIO-132	Poblacht na Cóiré	x	—	—	—	x	—	x°
LA-BIO-132	Laos	x	x	—	x	x	—	x
MA-BIO-132	Maracó	x	x	—	x	x	—	x
MD-BIO-132	an Mholdóiv	x	x	—	x	x	—	x
MU-BIO-132	Oileán Mhuirís	x	x	—	x	x	—	x
MX-BIO-132	Meicsiceo	x	x	—	x	x	—	x

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
NG-BIO-132	an Nigéir	x	x	—	x	x	—	x
OM-BIO-132	Óman	x	x	—	x	x	—	x
PF-BIO-132	Polainéis na Fraince	x	x	—	x	x	—	x
PH-BIO-132	na hOileáin Fhilipíneacha	x	x	—	x	x	—	x
PY-BIO-132	Paragua	x	x	—	x	x	—	x
SA-BIO-132	an Araib Shádach	x	x	—	x	x	—	x
SD-BIO-132	an tSúdáin	x	x	—	x	x	—	x
SG-BIO-132	Singeapór	x	x	—	x	x	—	x
SN-BIO-132	an tSeineagáil	x	x	—	x	x	—	x
TG-BIO-132	Tóga	x	x	—	x	x	—	x
TH—BIO-132	an Téalainn	x	x	—	x	x	—	x
TR-BIO-132	an Tuirc	x	x	—	x	x	—	x
UY-BIO-132	Uragua	x	x	—	x	x	—	x
VN-BIO-132	Vítneam	x	x	—	x	x	—	x
ZA-BIO-132	an Afraic Theas	x	x	—	x	x	—	x

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil "°" marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil táirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála le haghaidh DQS POLSKA SPÓŁKA Z OGRANICZONĄ ODPOWIEDZIALNOŚCIĄ:

'DQS POLSKA SPÓŁKA Z OGRANICZONĄ ODPOWIEDZIALNOŚCIĄ

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
BA-BIO-181	an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	x	x	—	x	—	—	x
BR-BIO-181	an Bhrasaíl	x	x	—	x	—	—	x
BY-BIO-181	an Bhealarúis	x	x	—	x	—	—	x
CN-BIO-181	an tSín	x	x	—	x	—	—	x
ID-BIO-181	an Indinéis	x	x	—	x	—	—	x
IN-BIO-181	an India	—	x	—	x	—	—	x
KE-BIO-181	an Chéinia	x	x	—	x	—	—	x
KZ-BIO-181	an Chasacstáin	x	x	—	x	—	—	x
LB-BIO-181	an Liobáin	x	x	—	x	—	—	x
MG-BIO-181	Madagascar	x	x	—	x	—	—	x
MX-BIO-181	Meicsiceo	x	x	—	x	—	—	x
MY-BIO-181	an Mhalaeisia	x	x	—	x	—	—	x
NG-BIO-181	an Nigéir	x	x	—	x	—	—	x

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
PH-BIO-181	na hOileáin Fhilipíneacha	x	x	—	x	—	—	x
PK-BIO-181	an Phacastáin	x	x	—	x	—	—	x
RS-BIO-181	an tSeirbia	x	x	—	x	—	—	x
RU-BIO-181	an Rúis	x	x	—	x	—	—	x
TR-BIO-181	an Tuirc	x	x	—	x	—	—	x
TW-BIO-181	an Téaváin	x	x	—	x	—	—	x
TZ-BIO-181	an Tansáin	x	x	—	x	—	—	x
UA-BIO-181	an Úcráin	x	x	—	x	—	—	x
UZ-BIO-181	an Úisbéiceastáin	x	x	—	x	—	—	x
VN-BIO-181	Vítneam	x	x	—	x	—	—	x
ZA-BIO-181	an Afraic Theas	x	x	—	x	—	—	x’

(4) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le FOOD SAFETY S.A.:

‘WSC International Ltd

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
CN-BIO-203	an tSín	x	—	—	x	—	—	—
ID-BIO-203	an Indinéis	x	—	—	x	—	—	—
IN-BIO-203	an India	—	—	—	x	—	—	—
LK-BIO-203	Srí Lanca	x	—	—	x	—	—	—
MX-BIO-203	Meicsiceo	x	—	—	x	—	—	—
PE-BIO-203	Peiriú	x	-	—	x	—	—	—
PH-BIO-203	na hOileáin Fhilipíneacha	x	—	—	x	—	—	—
TH-BIO-203	an Téalainn	x	—	—	x	—	—	—
TR-BIO-203	an Tuirc	x	—	—	x	—	—	—
VN-BII-203	Vítneam	x	—	—	x	—	—	—’

(5) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le INDOCERT:

‘Japan Organic and Natural Foods Association’

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
CN-BIO-145	an tSín	x	—	—	x	—	—	—
JP-BIO-145	an tSeapáin	—	—	x	x°	—	—	x°

2. Eisceachtaí: na táirgí laistigh de chatagóirí táirgí a bhfuil “” marcáilte orthu, táirgí a chumhdaítear le raon feidhme comhaontaithe maidir le trádáil táirgí orgánacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2018/848 nó le raon feidhme an aitheantais atá coibhéiseach leis an tríú tír lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2325 ón gCoimisiún.’;

(6) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le Organska Kontrola d.o.o. Sarajevo:

‘Sertifikācijas un testēšanas centrs

1. Na huimhreacha cóid, na tríú tíortha agus na catagóirí táirgí lena mbaineann:

Códuimhir	Tríú tír	Catagóir táirgí						
		A	B	C	D	E	F	G
AM-BIO-173	an Airméin	x	x	—	x	x	x	—
AZ-BIO-173	an Asarbaiseáin	x	x	—	x	x	x	—
BD-BIO-173	an Bhanglaidéis	x	—	—	x	—	—	—
BY-BIO-173	an Bhealarúis	x	x	—	x	x	x	—
GE—BIO-173	an tSeoirsia	x	x	—	x	x	x	—
IN-BIO-173	an India	—	-	—	x	x	—	—
KG-BIO-173	an Chirgeastáin	x	x	—	x	x	x	—
KZ-BIO-173	an Chasacstáin	x	x	—	x	x	x	—
LK-BIO-173	Srí Lanca	x	x	—	x	x	x	—
MD-BIO-173	an Mholdóiv	x	x	—	x	x	x	—
NP-BIO-173	Neipeal	x	—	—	x	—	—	—
RU-BIO-173	an Rúis	x	x	—	x	x	x	—
TJ-BIO-173	an Táidsíceastáin	x	x	—	x	x	x	—
TM-BIO-173	an Tuircméanastáin	x	x	—	x	x	x	—
TR-BIO-173	an Tuirc	x	x	—	x	x	x	—
UA-BIO-173	an Úcráin	x	x	—	x	x	x	—
UZ-BIO-173	an Úisbéiceastáin	x	x	—	x	x	x	—’